# Stiúrthóir Cúnta

## Grád Phríomhoifigigh Cúnta
## Foireann Gearán Úsáideora agus Foireann Imscrúduithe
## An Rannán Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin




Meitheamh 2025

A Iarratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i róil an Stiúrthóra Cúnta Gearán Úsáideora agus/nó an Stiúrthóra Cúnta Imscrúduithe.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D’fhás muid ó 40 duine go 200 sa chéad dá bhliain. Táimid ag iarraidh fás go dtí os cionn 300 anois. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: na hearnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d’fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú don róil Stiúrthóra Cúnta Gearán Úsáideora agus don Stiúrthóir Cúnta, Imscrúduithe.
Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Cuirfidh sé lenár sprioc[anna] a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go n-oireann an deis seo duit féin, do scileanna agus go dtugann an deis duit fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus molfaimid duit iarratas a dhéanamh.

**Is mise le meas**
**Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin**



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

# Ár bhFís agus ár Misean

Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.

Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

## Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha




## Ár Luachanna






Coimisiún na Meán

# Eolas Faoin Ról Seo

Is í príomhfheidhm an Rannáin Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin ná maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha in Éirinn agus an tAcht um Sheirbhísí Digiteacha (“DSA”), Rialachán Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne agus Cód Sábháilteachta Ar Líne a fhorfheidhmiú. Tá sé comhdhéanta de cheithre fhoireann mhaoirseachta, foireann Imscrúduithe agus foireann Oibríochtaí Rialála a chuidíonn le straitéis rialála a chinneadh. Suíonn an fhoireann Gearán Úsáideora sa rannán seo freisin agus tá sí freagrach as gearáin a fháil i gcoinne soláthraithe seirbhíse mar gheall ar sháruithe líomhnaithe ar an DSA.
Is é misean an rannáin Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin ná seirbhísí agus oibríochtaí na n-eagraíochtaí a rialaíonn Coimisiún na Meán a thuiscint, agus eintitis rialaithe a choinneáil cuntasach. Áirítear leis sin monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí rialála, saincheisteanna a réiteach go deonach nuair is cuí, gearáin ó úsáideoirí a láimhseáil agus gníomh comhlíonta foirmiúil a dhéanamh nuair is gá.

Foireann Gearán ÚsáideoraSuíonn an fhoireann Gearán Úsáideora laistigh den Rannán Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin agus tá sí freagrach as gearáin a fháil i gcoinne soláthraithe seirbhíse mar gheall ar sháruithe líomhnaithe ar an DSA. Faigheann an fhoireann seo gearáin a mhéadaítear tríd an bhfoireann Eispéireis Úsáideora, agus freisin go díreach ó Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile (DSCanna) ar fud an AE, maidir le soláthraithe seirbhíse atá lonnaithe in Éirinn. Déanann an fhoireann seo gearáin a chur chun cinn i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha (alt 201 den Acht Craolacháin 2009, arna leasú), agus is féidir leo gearáin a tharchur chuig an gCoimisiún Eorpach, chuig an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC), agus chuig DSCanna eile ar fud an AE de réir mar is gá.
Tá obair na foirne ar luas tapa agus éagsúil.

Foireann Imscrúduithe

Suíonn an fhoireann Imscrúduithe laistigh den Rannán Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin agus tá sí freagrach as sáruithe líomhnaithe ar rialacháin a imscrúdú, lena n-áirítear an DSA, Rialachán Ábhar Sceimhlitheoireachta Ar Líne agus an Cód Sábháilteachta Ar Líne. Ní mór don fhoireann sáruithe líomhnaithe a imscrúdú i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus cloí le nósanna imeachta cothroma. Tá an fhoireann freagrach freisin as tacú leis an gCoimisiún Eorpach le roinnt dá imscrúdú agus má tá iarratas déanta faoi Airteagal 66 den DSA



Coimisiún na Meán

# Príomhfhreagrachtaí

Áireofar na nithe seo a leanas ar na príomhfhreagrachtaí maidir le ról an Stiúrthóra Cúnta sa dá fhoireann, ach níl siad teoranta dóibh:-

- Freagracht as dul chun cinn tráthúil agus éifeachtúil na ngearán/cásanna imscrúdaithe a leithdháiltear ar an Rannán Maoirseachta agus Imscrúduithe Ardáin.

- Pleanáil agus bainistíocht tionscadal

- Obair ghearán/obair imscrúdaithe, agus riarachán a threorú.

- Doiciméadacht dlí a bhaineann le cásanna a dhréachtú lena n-áirítear gearáin/imscrúdaitheoirí, comhfhreagras, anailís ar chásanna, cinntí gearáin/tuarascálacha imscrúdaithe agus doiciméid tacaíochta eile.

- Cabhrú le fianaise a bhailiú agus a anailísiú, lena n-áirítear iarratais ar dhoiciméid a dhréachtú.

- Cuidiú le baill foirne in aon dlíthíocht a d'fhéadfadh teacht chun cinn.

- Rannchuidiú le próisis agus gníomhaíochtaí láimhseála gearán, lena n-áirítear dearbhú cáilíochta agus feabhsú.

- Beartais agus nósanna imeachta láimhseála gearán a dhréachtú.

- Beartais agus nósanna imeachta imscrúdaitheacha a dhréachtú.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar reachtaíocht agus ar chomhairle chun cóid agus rialacha a athrú ina bpróisis oibre.

- Comhoibriú le foirne inmheánacha agus seachtracha chun dea-chleachtais imscrúdaitheacha a fhorbairt, a chothabháil agus a nuashonrú.

- Comhoibriú le ranna Rialtais, leis an gCoimisiún Eorpach, agus le Comhordaitheoirí Seirbhíse Digití eile.

- Na scileanna agus na riachtanais oiliúna a theastaíonn chun a chinntiú gur féidir leis an gCoimisiún seirbhísí imscrúdaitheacha ar ardchaighdeán a sholáthar a aithint.

- Meantóireacht agus oiliúint a chur ar bhaill foirne chun a gcumas a fhorbairt.

**Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.**

# Eolas Fút
# Taithí, Scileanna, Eolas agus Cáilíochtaí

**Critéir Riachtanach**

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal 8 nó os a chionn sa dlí, sa rialáil, sa chomhlíonadh nó i ndisciplín ábhartha eile nó i dtaithí ghairmiúil choibhéiseach.

- Taithí oibre ábhartha 5 bliana ar a laghad:-

a) imscrúduithe rialála a sheoladh; nó
b) bainistiú gearán rialála; nó
c) bainistíocht riosca nó muinín agus sábháilteacht laistigh den earnáil teicneolaíochta.

- Dea-theist a bheith agat maidir le deiseanna feabhsúcháin a aithint agus éifeachtúlachtaí a chruthú laistigh d'fhoireann.

- Sárscileanna pleanála agus eagrúcháin agus an cumas tosaíocht a thabhairt go héifeachtach agus ualach oibre suntasach agus éagsúil a bhainistiú.

- Scileanna idirphearsanta dea-fhorbartha leis an gcumas caidrimh a chothú le go leor páirtithe leasmhara éagsúla agus scileanna idirbheartaíochta agus tionchair a léiriú.

- Sárscileanna cumarsáide scríofa i bhfoirmeacha éagsúla lena n-áirítear cur i láthair, doiciméid bheartais, comhfhreagras agus tuarascálacha.

**Critéir Inmhianaithe**

- Taithí ar an dlí nós imeachta nó riaracháin

- Taithí ar obair a dhéanamh i seirbhís dlí ghairmiúil ardbhrú, i gcomhlíonadh rialála, nó i dtimpeallacht choibhéiseach.

- Taithí ábhartha ar chur i bhfeidhm agus/nó eolas ar reachtaíocht agus ar bheartais na hÉireann agus/nó na hEorpa maidir le seirbhísí digiteach.

- Eolas ar chleachtais agus nósanna imeachta gnólachtaí teicneolaíochta i ndáil le beartais a fhorbairt agus a athrú, measúnú agus maolú riosca.

- Taithí ar iontaoibh agus sábháilteacht agus ar fhorfheidhmiú beartas laistigh de sheirbhísí digiteacha.

- Scileanna dréachtaithe dlí, lena n-áirítear cinnteoireacht réasúnaithe.

- Taithí ar uirlisí/teicnící ríomh-imscrúdaithe.

- Eolas ar bhainistíocht cáis, oibríochtaí nó taithí úsáideora.

- Cuntas teiste i mbainistíocht daoine/bainistíocht foirne.

# Príomhfhaisnéis

## Sochair, Pacáiste agus Pá

- Tairgtear an post seo ar bhonn Buan.
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 30 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról a chomhcheanglaíonn obair bhaile agus oifige. Is é ár mbeartas hibrideach reatha 2 lá san oifig.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Le haghaidh liosta iomlán sochar féach ar ár suíomh gréasáin anseo
- Tá an post seo grádaithe ar scála Phríomhoifigigh Cúnta .
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

# Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir isteach le do thoil:

- CV (uasmhéid 2 leathanach) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (uasmhéid 1 leathanach) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist **trí ANSEO**
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post ar iarrthóirí cónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

# Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo: Is féidir sonraí iomlána na n-inniúlachtaí seo a fháil **anseo**

- Ceannaireacht
- Breithiúnas, Anailís agus cinnteoireacht
- Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt
- Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhísí Poiblí

Muinín | Iarmhairt | Misneach | Neamhspleáchas | Dírithe ar dhaoine | Ionracas

# An Próiseas Roghnúcháin

**Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:**

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról.

- Réamhagallamh bunaithe ar inniúlacht
- Agallamh dara babhta d'iarrthóirí ar éirigh leo sa chéad bhabhta, lena n-áireofar cur i láthair nó cleachtadh praiticiúil eile

Beidh an chéad agallamh ar siúl trí MS Teams. Déanfar an dara hagallamh go pearsanta inár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

## Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta.
Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach a bheith ina bhfíor-fhéin ag an obair.

**Dáta Deiridh: 3in Aoine 4 Iúil**

Proud to be inclusive
MEMBER
Open Doors
Creating Work Opportunities For All

Investors in Diversity | BRONZE

